Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Eanáir 2026
(OR. en)

5059/26

LIMITE

CORLX 5
CFSP/PESC 7
MAMA 4

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 ón gComhairle an 4 Feabhra 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis[1], agus go háirithe Airteagal 12 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

[1] IO L 31, 5.2.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/101/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 4 Feabhra 2011, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 101/2011.

(2) Ar bhonn athbhreithniú a rinne an Chomhairle, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le triúr mar aon leis an bhfaisnéis a bhaineann lena gcearta chun cosanta agus lena gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil a scriosadh ó Iarscríbhinn I a bhaineann le Rialachán (AE) Uimh. 101/2011. Thairis sin, ba cheart an fhaisnéis a bhaineann le cur i bhfeidhm na gceart chun cosanta agus an chirt chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil faoi dhlí na Túinéise a leasú i gcás 24 dhuine in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 mar a leanas:

(1) i gCuid A (Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 2), scriostar na hiontrálacha do na daoine seo a leanas:

‘19. Lilia Bent Noureddine Ben Ahmed NACEF;

24. Mehdi Ben Ridha Ben Mohamed BEN GAIED;

29. Ghazoua Bent Zine El Abidine Ben Haj Hamda BEN ALI’;

(2) leasaítear Cuid B (Cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint éifeachtach bhreithiúnach a fháil faoi dhlí na Túinéise) mar a leanas:

(a) scriostar na hiontrálacha do na daoine seo a leanas:

‘19. Lilia Bent Noureddine Ben Ahmed NACEF;

24. Mehdi Ben Ridha Ben Mohamed BEN GAIED;

29. Ghazoua Bent Zine El Abidine Ben Haj Hamda BEN ALI’;

PUBLIC

(b) faoin gceannteideal 'Cur i bhfeidhm na gceart chun cosanta agus an chirt chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil', cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad iontrálacha 1, 3, 7, 8, 9, 10, 11, 12, 13, 15, 16, 17, 20, 25, 30, 31, 32, 33, 34, 35, 40, 42, 46 agus 48 a bhaineann le 24 dhuine ar an iomlán:

'1. Zine El Abidine Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen BEN ALI

Tá an t-imscrúdú nó an triail a bhaineann le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí i gcoinne a oidhrí fós ar siúl.

Léirítear leis an bhfaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin, go háirithe, ós rud é gur cheap an Chúirt dlíodóir roimh a bhás chun leasanna Zine El Abidine Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen Ben Ali a chosaint i gcásanna cúirte agus é *in absentia*; i gcás 24310, rinne dlíodóir ionadaíocht ar bheirt d'oidhrí Zine El Abidine Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen Ben Ali; in 2025, rialaigh an Chúirt, ar an gcéad chéim i gcás 24310, i bhfabhar oidhrí Ben Ali.

PUBLIC

3. Moncef Ben Mohamed Ben Rhouma TRABELSI

Tá an t-imscrúdú nó an triail a bhaineann le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí i gcoinne a oidhrí fós ar siúl.

Léirítear leis an bhfaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin, go háirithe, ós rud é gur thug, an 5 Márta 2012, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Moncef Ben Mohamed Ben Rhouma Trabelsi i láthair a dhlíodóra, roimh a bhás; ainmníodh dlíodóir chun ionadaíocht a dhéanamh ar oidhrí Moncef Ben Mohamed Ben Rhouma Trabelsi sa chaingean shibhialta ina gcoinne i gcás 9058; in 2025, rialaigh an Chúirt, ar an gcéad chéim i gcás 9058, i bhfabhar oidhrí Moncef Ben Mohamed Ben Rhouma Trabelsi.

7. Halima Bent Zine El Abidine Ben Haj Hamda BEN ALI

Tá an duine seo ar a teitheadh agus níl sí sa Túinéis a thuilleadh. Tá an t-imscrúdú nó an triail a bhaineann le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ar siúl. Léirítear leis an bhfaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin, go háirithe, ós rud é go ndearna Halima Bent Zine El Abidine Ben Haj Hamda Ben Ali, arna hionadú ag a dlíodóir, achomharc in aghaidh bhreithiúnas 1850 an 25 Eanáir 2021; in 2022, dhiúltaigh an Chúirt, ar an gcéad chéim i gcás 32265, do chaingean shibhialta i gcoinne Halima Bent Zine El Abidine Ben Haj Hamda Ben Ali.

8. Belhassen Ben Mohamed Ben Rhouma TRABELSI

Tá an duine seo ar a theitheadh agus níl sé sa Túinéis a thuilleadh. Tá an t-imscrúdú nó an triail a bhaineann le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ar siúl.

Léirítear leis an bhfaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Léirítear sin go háirithe le gealltanas i scríbhinn, arna thabhairt ag údaráis na Túinéise d'údaráis na hEilvéise i gcomhthéacs chur chun feidhme litreach rogáide, an 7 Aibreán 2014, cearta bunúsacha Belhassen Ben Mohamed Ben Rhouma Trabelsi agus a chearta chun cosanta a urramú; ós rud é go ndearna dlíodóir ionadaíocht ar Belhassen Ben Mohamed Ben Rhouma Trabelsi le linn trialacha *in absentia*. Thairis sin, is léir sin ós rud é gur fheidhmigh Belhassen Ben Mohamed Ben Rhouma Trabelsi, trína dhlíodóir, a chearta chun cosanta trí achomharc a dhéanamh in aghaidh bhreithiúnas 869/32 an 24 Samhain 2021 agus bhreithiúnas 1134 an 20 Bealtaine 2023.

PUBLIC

9. Mohamed Naceur Ben Mohamed Ben Rhouma TRABELSI

Tá an t-imscrúdú nó an triail a bhaineann le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí i gcoinne a oidhrí fós ar siúl. Léirítear leis an bhfaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin, go háirithe, ós rud é gur thug, an 13 Márta 2012 agus an 16 Márta 2012, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Mohamed Naceur Ben Mohamed Ben Rhouma Trabelsi i láthair a dhlíodóra roimh a bhás.

10. Jalila Bent Mohamed Ben Rhouma TRABELSI

Tá an t-imscrúdú nó an triail a bhaineann le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ar siúl. Léirítear leis an bhfaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin, go háirithe, ós rud é gur thug, an 5 Eanáir 2012, an 5 Iúil 2012 agus an 27 Feabhra 2013, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Jalila Bent Mohamed Ben Rhouma Trabelsi i láthair a dlíodóra; D'fheidhmigh Jalila Bent Mohamed Ben Rhouma Trabelsi, trína dlíodóir, a cearta chun cosanta trí achomharc a dhéanamh in aghaidh breithiúnas céadchéime in 2025.



PUBLIC

11. Mohamed Imed Ben Mohamed Naceur Ben Mohamed TRABELSI

Tá an t-imscrúdú nó an triail a bhaineann le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ar siúl. Léirítear leis an bhfaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin, go háirithe, ós rud é gur thug, an 27 Deireadh Fómhair 2016, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Mohamed Imed Ben Mohamed Naceur Ben Mohamed Trabelsi i láthair a dhlíodóra; in 2025, d'fheidhmigh Mohamed Imed Ben Mohamed Naceur Ben Mohamed Trabelsi, trína dhlíodóir, a chearta chun cosanta trí achomharc a dhéanamh in aghaidh breithiúnas ón gcúirt um achomharc deiridh (cás uimh. 21775).

12. Mohamed Adel Ben Mohamed Ben Rehouma TRABELSI

Tá an duine seo ar a theitheadh agus níl sé sa Túinéis a thuilleadh. Tá an t-imscrúdú nó an triail a bhaineann le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí i gcoinne a oidhrí fós ar siúl. Léirítear leis an bhfaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin, go háirithe, ós rud é go bhfuil dlíodóir ceaptha ag oidhrí Mohamed Adel Ben Mohamed Ben Rehouma Trabelsi chun iad a chosaint sa chaingean shibhialta ina gcoinne (cás uimh. 9099).

PUBLIC

13. Mohamed Mourad Ben Mohamed Ben Rehouma TRABELSI

Tá an t-imscrúdú nó an triail a bhaineann le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ar siúl. Léirítear leis an bhfaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin, go háirithe, ós rud é gur thug, an 23 Feabhra 2012, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Mohamed Mourad Ben Mohamed Ben Rehouma Trabelsi i láthair a dhlíodóra roimh a bhás; tá dlíodóir ceaptha ag oidhrí Mohamed Mourad Ben Mohamed Ben Rehouma Trabelsi chun iad a chosaint sa chaingean shibhialta atá ar feitheamh ina gcoinne (cás uimh. 16277).

PUBLIC

15. Mohamed Montassar Ben Kbaier Ben Mohamed MAHERZI

Tá an t-imscrúdú nó an triail a bhaineann le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ar siúl. Léirítear leis an bhfaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin, go háirithe, ós rud é gur thug, an 20 Lúnasa 2011, an 2 Deireadh Fómhair 2012 agus an 31 Bealtaine 2013, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Mohamed Montassar Ben Kbaier Ben Mohamed Maherzi i láthair a dhlíodóirí; in 2025, d’fheidhmigh Mohamed Montassar Ben Kbaier Ben Mohamed Maherzi, trína dhlíodóir, a chearta chun cosanta trí achomharc a dhéanamh in aghaidh breithiúnas céadchéime (uimh. 51174).

16. Nefissa Bent Mohamed Ben Rhouma TRABELSI

Tá an t-imscrúdú nó an triail a bhaineann le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ar siúl. Léirítear leis an bhfaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin, go háirithe, ós rud é gur thug, an 24 Eanáir 2012, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Nefissa Bent Mohamed Ben Rhouma Trabelsi i láthair a dlíodóra; in 2018, d'fheidhmigh Nefissa Bent Mohamed Ben Rhouma Trabelsi a cearta chun cosanta trí achomharc a dhéanamh in aghaidh breithiúnas céadchéime (cás uimh. 35666).

PUBLIC

17. Habib Ben Kaddour Ben Mustapha BEN ZAKIR

Tá an t-imscrúdú nó an triail a bhaineann le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ar siúl. Léirítear leis an bhfaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin, go háirithe, ós rud é gur thug, an 24 Eanáir 2012, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Habib Ben Kaddour Ben Mustapha Ben Zakir i láthair a dhlíodóra; rinne dlíodóir ionadaíocht ar Habib Ben Kaddour Ben Mustapha Ben Zakir sa chaingean choiriúil a bhí ar feitheamh ina choinne agus, trína dhlíodóir, d'fheidhmigh sé a chearta chun cosanta trí achomharc a dhéanamh i gcoinne chinntí an bhreithimh imscrúdaithe.

20. Mourad Ben Hédi Ben Ali MEHDOUI

Tá an t-imscrúdú nó an triail a bhaineann le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ar siúl. Léirítear leis an bhfaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir an méid sin go háirithe ós rud é gur thug, an 13 Feabhra 2012, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Mourad Ben Hédi Ben Ali Mehdoui i láthair a dhlíodóra; in 2019, d'fheidhmigh Mourad Ben Hédi Ben Ali Mehdoui a chearta cosanta trí achomharc a dhéanamh in aghaidh breithiúnas céadchéime (uimh. 41245).

PUBLIC

25. Mohamed Slim Ben Mohamed Hassen Ben Salah CHIBOUB

Tá an t-imscrúdú nó an triail a bhaineann le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ar siúl. Léirítear leis an bhfaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha nó sa phróiseas aisghabhála sócmhainní ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir an méid sin go háirithe ós rud é (i) gur thug, an 24 Samhain 2014, an 12 Eanáir 2015, an 10 Aibreán 2015 agus an 2 Nollaig 2015, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Mohamed Slim Ben Mohamed Hassen Ben Salah Chiboub i ndáil le roinnt cásanna i láthair a dhlíodóirí; (ii) gur cuireadh deireadh leis an imscrúdú ar Mohamed Slim Ben Mohamed Hassen Ben Salah Chiboub i gCás 27638/6 an 30 Márta 2018 mar gheall ar easpa fianaise a bheith ann agus dearbhaíodh an cinneadh an t-imscrúdú a fhoirceannadh san achomharc ina dhiaidh sin; agus (iii) go bhfuair Mohamed Slim Ben Mohamed Hassen Ben Salah Chiboub cúnamh dlíodóra le linn na n-imeachtaí eadrána os comhair Choiste Eadrána an 'Instance de la Vérité et de la Dignité' (IVD) [Coiste Eadrána an Choimisiúin um Fhírinne agus Dínit]. An 15 Feabhra 2021 agus an 10 Márta 2021, thug breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Mohamed Slim Ben Mohamed Hassen Ben Salah Chiboub i gcás 19592/1. An 31 Márta 2021, chinn an breitheamh imscrúdaithe a chás a scaradh ó chás ginearálta 19592/1. Tá cás 1137/2 ar feitheamh. Is léir an méid sin freisin os rud é gur chuir Mohamed Slim Ben Mohamed Hassen Ben Salah Chiboub achomharc isteach in 2025 i gcoinne bhreithiúnas 36166.

30. Slim Ben Mohamed Salah Ben Ahmed ZARROUK

Tá an t-imscrúdú nó an triail a bhaineann le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ar siúl. Tar éis iarratas a rinne Slim Ben Mohamed Salah Ben Ahmed Zarrouk, thug Coiste Eadrána an Choimisiúin um Fhírinne agus Dínit dámhachtain eadrána uaidh, agus dhearbhaigh Comhairle an Choimisiúin um Fhírinne agus Dínit é sin an 24 Nollaig 2018. Rinneadh agóid i gcoinne an chinnidh sin os comhair na Cúirte um Achomharc Deiridh. Tá an cás ar feitheamh. Le breithiúnas ó Chúirt um Achomharc Deiridh Thúinis dar dáta an 15 Aibreán 2021 i gcás 29443, ciontaíodh é i míleithreasú cistí poiblí.

Léirítear leis an bhfaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha nó sa phróiseas aisghabhála sócmhainní ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir an méid sin, go háirithe, ós rud é gur thug, an 16 Eanáir 2012, 1 Feabhra 2012 agus an 22 Meitheamh 2017, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Slim Ben Mohamed Salah Ben Ahmed Zarrouk i láthair a dhlíodóra; in 2023, rinne dlíodóir ionadaíocht ar Slim Ben Mohamed Salah Ben Ahmed Zarrouk i gcás 37344.

PUBLIC

31. Farid Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen BEN ALI

Tá an t-imscrúdú nó an triail a bhaineann le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ar siúl. Le breithiúnas ó Chúirt um Achomharc Deiridh Thúinis dar dáta an 1 Samhain 2018 i gcás 27658, ciontaíodh é i míleithreasú cistí poiblí.

Léirítear leis an bhfaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir an méid sin, go háirithe, ós rud é gur thug, an 3 Deireadh Fómhair 2011, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Farid Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen Ben Ali i láthair a dhlíodóra; in 2019, d'fheidhmigh Farid Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen Ben Ali, trína dhlíodóir, a chearta cosanta trí achomharc a dhéanamh i gcoinne an bhreithiúnais chiontaithigh dar dáta an 1 Samhain 2018 i gcás 27658 agus rinne dlíodóir ionadaíocht air ina dhiaidh sin i gcás 82970.

32. Faouzi Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen BEN ALI

Tá an t-imscrúdú nó an triail a bhaineann le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí i gcoinne a oidhrí fós ar siúl. Níor aimsigh an Chomhairle aon léiriú nár urramaíodh cearta chun cosanta nó ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a bheith ag Faouzi Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen Ben Ali.

33. Hayet Bent Haj Hamda Ben Haj Hassen BEN ALI

Tá an t-imscrúdú nó an triail a bhaineann le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ar siúl. Léirítear leis an bhfaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir an méid sin go háirithe ós rud é gur thug, an 19 Deireadh Fómhair 2011, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Hayet Bent Haj Hamda Ben Haj Hassen Ben Ali i láthair a dlíodóra. Le breithiúnas dar dáta an 14 Márta 2019 i gcás 40800, ciontaíodh í i míleithreasú cistí poiblí. Tá an duine seo ar a teitheadh agus níl sí sa Túinéis a thuilleadh, dá bhrí sin tugadh breithiúnas uirthi *in absentia*.

34. Najet Bent Haj Hamda Ben Haj Hassen BEN ALI

Tá an t-imscrúdú nó an triail a bhaineann le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ar siúl. Le breithiúnas dar dáta an 7 Eanáir 2016 i gcás 28264, ciontaíodh í i míleithreasú cistí poiblí. Léirítear leis an bhfaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir an méid sin go háirithe ós rud é gur thug, an 21 Samhain 2011, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Najet Bent Haj Hamda Ben Haj Hassen Ben Ali i láthair a dlíodóra.

PUBLIC

35. Slaheddine Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen BEN ALI

Tá an t-imscrúdú nó an triail a bhaineann le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí i gcoinne a oidhrí fós ar siúl. Léirítear leis an bhfaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir an méid sin go háirithe ós rud é gur thug, an 13 Eanáir 2012, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Slaheddine Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen Ben Ali i láthair a dhlíodóra.

40. Douraied Ben Hamed Ben Taher BOUAOUINA

Tá an t-imscrúdú nó an triail a bhaineann le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ar siúl. Leis an mbreithiúnas ó Chúirt Achomhairc Thúinis, dar dáta an 25 Deireadh Fómhair 2018 i gcás 25421, ciontaíodh é i míleithreasú cistí poiblí.

Léirítear leis an bhfaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir an méid sin go háirithe ós rud é gur thug, an 21 Aibreán 2012, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Douraied Ben Hamed Ben Taher Bouaouina i láthair a dhlíodóra; in 2018, rinne dlíodóir ionadaíocht ar Douraied Ben Hamed Ben Taher Bouaouina i gcás 25421.

PUBLIC

42. Ghazoua Bent Hamed Ben Taher BOUAOUINA

Tá an t-imscrúdú nó an triail a bhaineann le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ar siúl. Le breithiúnas dar dáta an 21 Samhain 2022 i gcás 46396, ciontaíodh í i míleithreasú cistí poiblí.

Léirítear leis an bhfaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir an méid sin, go háirithe, ós rud é gur thug, in 2011, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Ghazoua Bent Hamed Ben Taher Bouaouina i láthair a dlíodóra.

PUBLIC

46. Mehdi Ben Tijani Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen BEN ALI

Tá an t-imscrúdú nó an triail a bhaineann le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí i gcoinne a oidhrí fós ar siúl. Le breithiúnas ó Chúirt chéadchéime Thúinis dar dáta an 21 Márta 2019 i gcás 41328/19, ciontaíodh é i míleithreasú cistí poiblí roimh a bhás.

Níor aimsigh an Comhairle aon léiriú nár urramaíodh cearta Mehdi Ben Tijani Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen Ben Ali chun cosanta nó ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach.

48. Sofiene Ben Habib Ben Haj Hamda BEN ALI

Tá an t-imscrúdú nó an triail a bhaineann le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí i gcoinne a oidhrí fós ar siúl. Léirítear leis an bhfaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir an méid sin go háirithe ós rud é gur thug, an 22 Márta 2012, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Sofiene Ben Habib Ben Haj Hamda Ben Ali i láthair a dhlíodóirí. Is léir an méid sin freisin ós rud é go ndearna dlíodóir ionadaíocht ar oidhrí Sofiene Ben Habib Ben Haj Hamda Ben Ali i gcás 8803.’.

PUBLIC